Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8824/1/23**
**REV 1**

**RECH 152**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúcháin don Chomhairle (Iomaíochas (Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus Spás)) an 22 agus an 23 Bealtaine 2023*<br>Slándáil faisnéise agus idirnáisiúnú freagrach<br>- Malartú tuairimí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón Uachtaránacht maidir le 'Slándáil faisnéise agus idirnáisiúnú freagrach' i bhfianaise an mhalartaithe tuairimí ag an gComhairle Iomaíochais an 23 Bealtaine 2023.

## NÓTA ÓN UACHTARÁNACHT DON MHALARTÚ TUAIRIMÍ MAIDIR LE 'SLÁNDÁIL FAISNÉISE AGUS IDIRNÁISIÚNÚ FREAGRACH'

### Sláine agus slándáil taighde i saol polaraithe

Tá an comhar idirnáisiúnta taighde thar a bheith tábhachtach d'Institiúidí Ardoideachais agus d'Eagraíochtaí Déanta Taighde chun ardchaighdeán agus ábharthacht a choinneáil. Cuidíonn an comhar idirnáisiúnta le líonraí a chruthú i measc na ndaoine is tréithí ar domhan, le rochtain ar mhargaí nua a chur ar fáil do chuideachtaí nuálacha, le caighdeánú a chur chun cinn agus le mais chriticiúil a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda. Is in éiceachóras idirghníomhach idirdhisciplíneach idirnáisiúnta a tharlaíonn dul chun cinn, fionnachtana agus nuálaíochtaí eolaíocha, mar ar féidir le taighdeoirí comhoibriú ar bhonn prionsabail agus luachanna comhroinnte ar nós saoirse acadúil, sláine taighde agus oscailteacht.

É sin ráite, chun oscailteacht a bheith ann agus comhar a dhéanamh, ní mór a bheith feasach agus eolach ar na bagairtí agus na rioscaí slándála atá ann cheana, agus iarrachtaí córasacha a dhéanamh chun cur ina gcoinne. De réir mar atá an saol ag éirí níos éiginnte agus níos polaraithe, tagann teannas agus dúshláin gheopholaitiúla nua chun cinn ina bhfuil an baol ann go saothrófar an timpeallacht taighde oscailte agus an comhar idirnáisiúnta taighde go héagórach agus go gcuirfidh rialtais eachtracha iad in oiriúint dá leasanna féin. D'fhéadfadh aistriú eolais neamh-inmhianaithe agus trasnaíocht ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) teacht as bagairtí ó stáit eachtracha agus ó ghníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad, lena n-áirítear tacaíocht do cheapadh beartas. Tá baol ann go ndéanfadh na rioscaí slándála sin dochar tromchúiseach don éiceachóras taighde idirnáisiúnta. Ní mór aird a tharraingt freisin ar shaincheisteanna eiticiúla a eascraíonn as comhar le tíortha nach n-urramaíonn cearta bunúsacha agus saoirse acadúil. Léiríonn foláirimh ó sheirbhísí slándála agus ó theagmhais slándála a cuireadh os comhair an phobail sna meáin go gcaithfidh gníomhaithe i gcóras T&N na hEorpa a chinntiú nach mbíonn siad saonta.

Ní mór d'idirnáisiúnú taighde a bheith bunaithe ar eitic mhionchúiseach taighde, lena n-áirítear sláine agus freagracht taighde. Ní mór do thaighdeoirí, seirbhísí tacaíochta agus lucht bainistíochta na n-institiúidí ardoideachais measúnú a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an gcomhar idirnáisiúnta. Seo a leanas samplaí den chaoi ar féidir leis an bpobal taighde amhras a bhainistiú agus eagla roimh aidhmeanna folaithe a bhainistiú: trédhearcacht mhéadaithe, múscailt feasachta maidir le teannas geopholaitiúil níos leithne, bainistiú riosca fónta lena bhfreastalaítear ar dhícheall cuí agus, go dtí an leibhéal céanna, ar chleachtais atá fabhrach chun caidreamh a chothú, agus oideachas maidir le hidirnáisiúnú freagrach.

**Cothromaíocht a choinneáil idir comhar idirnáisiúnta taighde atá oscailte agus srianta**

Ciallaíonn idirnáisiúnú freagrach próiseas struchtúrtha chun deiseanna agus rioscaí i gcomhar taighde a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air. Is é an toradh a bhíonn ar an gcur chuige sin ullmhacht agus feasacht níos fearr mar aon le heolas méadaithe ar thrasnaíocht eachtrach, fad a chosnaítear cearta bunúsacha agus luachanna na saoirse acadúla, na sláine agus an neamhspleáchais.

Is gnéithe ríthábhachtacha don idirnáisiúnú freagrach iad oscailteacht, trédhearcacht, slándáil, saoirse agus sláine. Níor cheart, dá bhrí sin, go mbreathnófaí ar oscailteacht agus slándáil mar a bheadh siad ag teacht salach ar a chéile ach ba cheart dóibh a bheith cothrom comhlántach. Mar sin féin, is dúshlán mór é an chothromaíocht a choinneáil idir comhar eolaíoch atá oscailte agus muinín-bhunaithe ar thaobh amháin agus rialacháin chosantacha shriantacha ar an taobh eile. Is féidir le ró-rialáil nó idirghabháil iomarcach an bonn a bhaint de shaoirse an fhiosrúcháin agus an mhalartaithe eolaíoch.

I mí Mheán Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le 'Cur chuige domhanda i leith an taighde agus na nuálaíochta, straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach', inar leagadh béim ar thiomantas an Aontais an oscailteacht a chaomhnú sa chomhar idirnáisiúnta T&N. Ina theannta sin, leagtar béim sna conclúidí ar chomhluachanna an Aontais a chur chun cinn agus ar a leasanna a dhaingniú, lena n-áirítear ceannaireacht agus iomaíochas T&N a fhorbairt, agus bearta a neartú chun cur i gcoinne trasnaíocht eachtrach.

I mí an Mheithimh 2022, glacadh conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna agus prionsabail le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht. Aithníodh sna conclúidí an tábhacht a bhaineann le bainistiú riosca agus slándáil, agus moladh don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cur i gcoinne trasnaíocht eachtrach agus na rioscaí bunúsacha a bhaineann leis an gcomhar idirnáisiúnta T&N a bhainistiú. Áiríodh leis sin réamhchúraimí leordhóthanacha a chur ar fáil maidir le slándáil an Aontais agus cearta maoine intleachtúla agus tionsclaíche, chomh maith leis na rialacha maidir le príobháideachas, sonraí pearsanta agus bonneagair a chosaint.

Thairis sin, iarradh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sna conclúidí ón gComhairle tarraingt ar na dea-chleachtais a sainaithníodh, mar shampla, sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Tackling R&I foreign interference* [Ag dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach ar T&N] agus iad a fhorbairt a thuilleadh chun tacú lena gcur chun feidhme. Ina dhiaidh sin, cuireadh tús le cleachtadh foghlama frithpháirtí maidir le dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach ar T&I, inar díríodh, mar shampla, ar fheasacht a mhúscailt agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí, bagairtí trasnaíochta eachtraí a thuiscint agus a shainaithint agus bearta chun cur ina gcoinne.

**Ceisteanna le plé**

I bhfianaise na ngnéithe sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a thabhairt maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Tá cur chuige agus bearta náisiúnta bunaithe ag cuid mhór Ballstát chun taighde agus comhar idirnáisiúnta a chosaint. Cén taithí agus dea-chleachtais ba mhaith leat a roinnt maidir le haghaidh a thabhairt ar thrasnaíocht eachtrach agus feasacht a mhúscailt maidir le bagairtí agus rioscaí, fad a leantar d'oscailteacht agus comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn i gcónaí? Cad iad na bearta breise is féidir a dhéanamh?

2. Dáiltear na freagrachtaí as slándáil agus sláine taighde, lena n-áirítear bagairtí trasnaíochta eachtraí a shainaithint agus a thuiscint, ar ghníomhaithe éagsúla, mar shampla, rialtais, institiúidí ardoideachais agus gníomhaireachtaí cistiúcháin. Cad iad na bearta is féidir a dhéanamh chun comhordú agus malartú dea-chleachtais a neartú a thuilleadh idir na páirtithe leasmhara lena mbaineann, lena n-áirítear an pobal taighde?

3. Ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór ann ó thaobh na gcineálacha rioscaí is dual d'ollscoileanna agus do dhisciplíní ar leith, is féidir le cur chuige aonair a bheith neamhéifeachtach. I ndáil leis an méid sin, cad iad na príomhdhúshláin a fheiceann tú maidir le treoirlínte agus seicliostaí a chur chun feidhme go rathúil héifeachtúil le gníomhaíochtaí agus modhanna nithiúla chun dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach?